

GIOLLA DUBH SEOIGHE

Leac na bhFaol I nDoirín Ghleann a'Mháma

San droch-shaoghal fadó ba le Seán Mac Giolla Dé Gleann Glas fré chéile. Bhí stuc beithidheach aige ann, budóga a mbunáite, agus bhí tarbh leofa. Tháinig Giolla Dubh Seoighe agus a chomhlódar ann san oidhche. Thugadar ceann agus fich' budóg agus tarbh leofa go gcuiridís le fána Leic na bhFaol iad. Bhí sé cinnte ortha go dtáinig bean agus chaith sí a falaing ar chloigann an tairbh. Chuaidh an tarbh le fána mar bhí an fhalaing ar a shúile agus lean na beithidhigh ar fad é. Droch-shaoghal a bhí ann agus le feoil a fhághail le iad féin a choinneáilt beo a chuir an Giolla Dubh agus a chomhlódar na beithidhigh le fána na haille. Marbhuigheadh na beithidhigh le fána na haille.

Nuair a chuala Seán Mac Giolla Dé, nuair a fuaidh scéal chuige tháinig sé agus thug sé leis a chuid beithidheach. Bhí dhá mhíle bóthair tóigthe aca a dhul abhaile daofa. Níor chuir sé aon bheithidheach go Gleann Glas uaidh sin amach.